

Réimsí forbartha

Cur chun cinn na leabharlainne agus na léitheoireachta i measc scoláirí i gcomhthéacs an Straitéis Litearthachta agus Uimhearachta Náisiúnta. Poiblíocht níos fearr a thabhairt d'uaireanta osclaite na Leabharlainne. Réimse níos mó leabhair a cheannach a mbeadh suim ag déagóirí óga iontu, ionas go mbainfeadh siad níos mó úsáide as an Leabharlann agus go gcoinneoidís ag úsáid na leabharlainne sna ranganna sinsir. Díriú ar na hEocharfhocail is tábhachtaí agus is coitianta sna hábhair agus sna seomraí ranga éagsúla. Grúpafócas a bhunú a bheidh ag plé le dul chun cinn na litearthachta agus na huimhearachta sa scoil. Polasaí Tinrimh a fhorbairt le aird scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí a dhíriú ar thábhacht freastal rialta ar scoil, le súil go dtiocfaidh feabhas ar ár léibhéil tinrimh. Deir 30% de scoláirí na scoile nach maith leo rud ar bith a léamh. Deir 38% nach gcaitheann siad ach uair a chloig sa t-seachtain ag léamh. Ní úsáideann 61% de scoláirí na scoile leabharlann na scoile. Ní úsáideann ach 8% de dhaltaí na scoile leabharlann na scoile uair sa tseachtain.

Tá sé beartaithe againn tús áite a thabhairt do na réimsí seo toisc tábhacht na scileanna litearthachta agus uimhearachta sa saol agus an bhaint atá acu leis na hábhair ar fad trasna an churaclaim.

2.3 Tá na **spriocanna feabhsúcháin** seo a leanas leagtha amach a bhaineann le gnóthachtáil na ndaltaí agus tá na **gníomhartha** seo a leanas aitheanta a chuideoidh leis na spriocanna sin a bhaint amach sna trí bliana atá romhainn.

Sprioc d'fheabhsúchán

- Go n-aithneodh, go bhfeicfeadh agus go bhfoghlaimedh na daltaí téarmaí coitianta a úsáidtear sna hábhair éagsúla.
- Go gcoinneois ag cur feabhas ar an timpeallacht foghlama agus ar an meon dearfach atá ag na múinteoirí i leith modhanna múinteoireachta atá éifeachtach agus i leith dea-chleachtais a chur chun cinn, scoláirí le riachtanais speisialta fóghlama san áireamh.

Gníomh

- Tá gach roinn chun deich dtéarmaí a phiocadh agus postaeir a chur le chéile dóibh. Crochfar na postaeir sna seomraí ranga. Cuirfear scrúdú ar na téarmaí sin i rith an dara téarma scoile.
- Deis a ghlacadh chun freastal ar chúrsaí i bForbairt Proifisiúnta Leanúnach chun cur leis an tuiscint i leith modhanna múinte atá éifeachtach ar nós "measúnú chun foghlama". Tabharfar cuspóirí ceachta do na daltaí ag tús an ranga. Bainfear úsáid as ceistiú eifeachtach 'sna ranganna agus . piarchuidithe i ngach ábhar.
- Cruinnithe Pleanála Ábhair rialta a bheith eagraithe ag gach Rannóg